# Staitisticí Cánach Maoine Áitiúla (CMÁ)

Réamhstaitisticí
(Iúil 2020)

Tá na staitisticí san eisiúint seo bunaithe ar réamhanailís a rinneadh ar thuairisceáin a tíolacadh agus ar fhaisnéis eile a bhaineann le CMÁ. Tá obair fós ag dul ar aghaidh ar an gClár CMÁ a bheachtú agus dá bharr sin ní sonraí críochnaitheacha iad na sonraí atá curtha san áireamh anseo agus bhí roinnt áirithe meastacháin ag teastáil.

Díríonn na staitisticí san eisiúint seo ar CMÁ 2020.
Foilseofar nuashonruithe in am trátha ar:
https://www.revenue.ie/ga/corporate/information-about-revenue/statistics/local-property-tax/index.aspx Tá staitisticí i leith blianta roimhe seo ar fáil ar an leathanach céanna chomh maith.

Ba chóir aon fhiosruithe faoi staitisticí maidir le CMÁ a sheoladh chuig statistics@revenue.ie.

ISSCOP Irish Statistical System Code of Practice

Revenue
Cáin agus Custaim na hÉireann
Irish Tax and Customs

## CMÁ 2020

Mar gheall ar thionchar phaindéim an Choróinvíris COVID-19, tá monatóireacht á déanamh ag na Coimisinéirí Ioncaim le cinntiú nach gcothaítear cruatan d'úinéirí maoine agus iad ag iarraidh a ndliteanas CMÁ le haghaidh 2020 a chomhlíonadh le linn na tréimhse deacra seo. Déanfaidh na Coimisinéirí Ioncaim teagmháil le haon úinéir maoine a bhfuil tionchar aige seo orthu, agus táthar ag déanamh gach iarracht cabhrú leo siúd a bhfuil deacrachtaí acu íocaíochtaí a dhéanamh.

## Fáltais

Aistríodh fáltais CMÁ de €194m chuig an gCiste Rialtais Áitiúil in 2020 go dtí seo.

Áirítear riaráistí Muirir Teaghlaigh (MT) leis na fáltais CMÁ. Ghlac na Coimisinéirí Ioncaim freagracht as riaráistí Muirir Teaghlaigh (MT) a bhailiú ón 1 Iúil 2013. Ó shin bailíodh €73m de MT (lena n-áirítear €0.5m go dtí seo in 2020).

De bharr COVID-19, tá moill curtha ag na Coimisinéirí Ioncaim ar an dáta asbhainte d'íocaíochtaí Treorach Dochair Bhliantúil agus Údarú Dochair Aonair CMÁ ón 21 Márta 2020 go dtí an 21 Iúil 2020. Bhí tionchar aige seo ar shuim an CMÁ a bailíodh go dtí seo i mbliana.

## Comhlíontacht

Meastar go bhfuil ráta comhlíontachta CMÁ 92% ann le haghaidh 2020, rud a thagann le tréimhse na híocaíochtaí Treorach Dochair Bhliantúil nó an Údaraithe Dochair Aonair i mblianta roimhe.*

Ó mhí Eanáir 2020, eisíodh breis agus 39,400 litir chomhlíontachta, le haghaidh dliteanais CMÁ i leith gach bliain. Tá an chuid is mó d'úinéirí maoine tar éis cloí go hiomlán lena n-oibleagáidí CMÁ.

Ó mhí Eanáir 2020, diúltaíodh breis agus 6,295 iarratas ar imréiteach cánach mar gheall ar neamhchomhlíontacht CMÁ, agus deonaíodh imréiteach ina dhiaidh sin ar 97% díobh sin nuair a aontaíodh socruithe íocaíochta. Gearradh 2,703 formhuirear Cánach Ioncaim agus Cánach Corparáide de bhun neamhchomhlíontacht CMÁ, baineadh nó maolaíodh breis agus 70% de na formhuirir ó na cásanna ar iarradh athbhreithnithe ina leith, tar éis dliteanais CMÁ a bheith íoctha.

Tá na Coimisinéirí Ioncaim tar éis leanúint de CMÁ 2020 a asbhaint ag an bhfoinse le haghaidh breis agus 90,600 maoin a bhí faoi réir asbhaint éigeantach in 2019. Le roinnt míonna anuas eisíodh breis agus 600 treoir bhreise asbhainte chuig fostóirí/soláthraithe pinsin i ndáil le húinéirí maoine neamhchomhlíontacha.

Chomh maith leis sin, méadaíodh breis agus 14,466 luacháil ag eascairt ó mheascán d'fhéincheartú agus dúshláin ó na Coimisinéirí Ioncaim.

Athróidh na figiúirí seo de réir mar a roghnaíonn úinéirí maoine a gcúrsaí CMÁ a chur ina gceart.

* Déantar an ráta comhlíontachta a ríomh ó fhigiúr ionchasach Cláir a eachtarshuítear ó fhaisnéis Daonáirimh 2011 / 2016 de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair ag dul ar aghaidh faoi láthair le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.

## Fachtóirí na nÚdarás Áitiúil, 2020

Bhain 25 Údarás Áitiúil leas as an deis an ráta CMÁ le haghaidh 2020 a athrú (i gcomparáid leis an ráta caighdeánach CMÁ), ag clúdach beagnach 1.4m maoin (gan maoine atá faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil a chur san áireamh) agus chuir siad na Coimisinéirí Ioncaim ar an eolas faoina gcinneadh faoin 30 Meán Fómhair 2019.

Tá na hathruithe riachtanacha déanta go huathoibríoch ag na Coimisinéirí Ioncaim le haghaidh úinéirí maoine.

Léirítear sa tábla thíos réimse suimeanna íocaíochta CMÁ le haghaidh 2020 tar éis an Fachtóir Coigeartaithe Áitiúil le haghaidh CMÁ 2020 a chur i bhfeidhm.

Sa chás nach bhfuil aon athruithe don Fhachtóir Coigeartaithe Áitiúil déanta, gearrtar na rátaí caighdeánacha CMÁ: 0.18% ar bhandaí luachála suas le €1m, 0.25% ar an luach os cionn €1m

| Banda | Réimse Luacha Maoine | An Ráta Caighdeánach (€) | +15% (€) | +10% (€) | +7.5% (€) | +5% (€) | +2.5% (€) | -10% (€) | -15% (€) |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 1 | €0-100k | 90 | 104 | 99 | 97 | 95 | 92 | 81 | 76 |
| 2 | €100-150k | 225 | 259 | 247 | 242 | 237 | 231 | 203 | 191 |
| 3 | €150-200k | 315 | 362 | 346 | 339 | 331 | 323 | 284 | 267 |
| 4 | €200-250k | 405 | 466 | 445 | 435 | 425 | 415 | 365 | 344 |
| 5 | €250-300k | 495 | 569 | 544 | 532 | 520 | 507 | 446 | 420 |
| 6 | €300-350k | 585 | 673 | 643 | 629 | 614 | 600 | 527 | 497 |
| 7 | €350-400k | 675 | 776 | 742 | 726 | 709 | 692 | 608 | 573 |
| 8 | €400-450k | 765 | 880 | 841 | 822 | 803 | 784 | 689 | 650 |
| 10 | €500-550k | 945 | 1,087 | 1,039 | 1,016 | 992 | 969 | 851 | 803 |
| 12 | €600-650k | 1,125 | 1,294 | 1,237 | 1,209 | 1,181 | 1,153 | 1,013 | 956 |
| 14 | €700-750k | 1,305 | 1,501 | 1,435 | 1,403 | 1,370 | 1,338 | 1,175 | 1,109 |
| 16 | €800-850k | 1,485 | 1,708 | 1,633 | 1,596 | 1,559 | 1,522 | 1,337 | 1,262 |
| 18 | €900-950k | 1,665 | 1,915 | 1,831 | 1,790 | 1,748 | 1,707 | 1,499 | 1,415 |
| €1m | €1m+ | 1,800 | 2,070 | 1,980 | 1,935 | 1,890 | 1,845 | 1,620 | 1,530 |
| €1.5m | €1m+ | 3,050 | 3,508 | 3,355 | 3,279 | 3,203 | 3,126 | 2,745 | 2,592 |
| | | **8 gComhairle** | **An Clár; Cill Chainnigh; Dún na nGall; Liatroim; An Longfort; Luimneach; Muineachán; Ros Comáin; Sligeach; Uíbh Fhailí.** | **Ciarraí; Cill Mhantáin; Laois; Loch Garman; Tiobraid Árann.** | **Cill Dara** | **Ceatharlach; Contae Chorcaí** | **Port Láirge** | **Fine Gall** | **Baile Átha Cliath Theas; Cathair Bhaile Átha Cliath; DLR** |

## Anailís de réir Údarás Áitiúil – Bailiú agus Comhlíontacht go dtí seo i leith 2020

Réamhanailís atá i gceist leis an anailís, agus tá roinnt meastacháin i gceist leis, go háirithe i dtaca le dáileadh na bhfigiúirí agus na suimeanna de réir Údarás Áitiúil.

| Údarás Áitiúil | Maoine Tuairiscithe * 2020 (i bhfoirm mílte) | Ráta Comhlíontachta ** 2020 (%) | CMÁ Bailithe *** 2020 (€ milliún) |
|---|---|---|---|
| Baile Átha Cliath Theas | 94.2 | 94.2 | 13.2 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 220.5 | 90.2 | 33 |
| An Cabhán | 29.1 | 91.7 | 2.9 |
| Ceatharlach | 21.8 | 92.5 | 2.3 |
| Ciarraí | 65.6 | 91.4 | 8.6 |
| Cill Chainnigh | 35.2 | 92.2 | 4.4 |
| Cill Dara | 75.7 | 93.1 | 11.1 |
| Cill Mhantáin | 50.8 | 93.4 | 9.1 |
| An Clár | 50.4 | 93.0 | 6.0 |
| Cathair Chorcaí | 81.4 | 91.2 | 11.0 |
| Contae Chorcaí | 130.3 | 94.6 | 17.4 |
| DLR | 80.8 | 94.2 | 20.8 |
| Dún na nGall | 68.9 | 87.3 | 7.7 |
| Fine Gall | 99.4 | 94.8 | 16.6 |
| Cathair na Gaillimhe | 30.7 | 93.2 | 4.1 |
| Contae na Gaillimhe | 68.2 | 91.7 | 8 |
| An Iarmhí | 34.0 | 91.5 | 3.4 |
| Laois | 29.0 | 91.9 | 2.9 |
| Liatroim | 15.3 | 89.1 | 1.7 |
| Loch Garman | 61.4 | 92.5 | 6.8 |
| An Longfort | 16.2 | 90.2 | 1.8 |
| Lú | 47.6 | 89.8 | 4.8 |
| Cathair & Contae Luimnigh | 75.4 | 91.7 | 9.4 |
| Maigh Eo | 56.2 | 90.3 | 5.9 |
| An Mhí | 65.5 | 92.1 | 8.6 |
| Muineachán | 21.9 | 91.3 | 2.5 |
| Cathair & Contae Phort Láirge | 48.9 | 91.8 | 5.3 |
| Ros Comáin | 26.7 | 92.2 | 2.9 |
| Sligeach | 29.0 | 91.4 | 3.2 |
| Tiobraid Árann | 62.4 | 92.4 | 6.7 |
| Uíbh Fhailí | 27.2 | 90.3 | 3.0 |
| | ***1,820*** | ***92*** | ***245*** |

(Tabhair do d’aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

*Folaíonn sé seo treoracha tar-rollta (0.8m), treoracha nua (0.7m), maoine faoi úinéireacht na nÚdarás Áitiúil a tuairiscíodh go dáta
(0.14m) agus maoine ar gearradh asbhaint éigeantach ag an bhfoinse (0.1m) ina leith.
** Déantar an ráta comhlíontachta a ríomh ó fhigiúr ionchasach Cláir a eachtarshuítear ó fhaisnéis Daonáirimh 2011 / 2016 de chuid na Príomh-Oifige Staidrimh agus ó shonraí a bhailítear ó riar an CMÁ ó 2013. Tá obair ag dul ar aghaidh faoi láthair le bailíochtú a dhéanamh ar an gClár.
***Folaíonn an CMÁ a bailíodh do 2020 réamhíocaíochtaí de €66m a fuarthas in 2019 agus €179m a fuarthas in 2020. Folaíonn sé seo suimeanna a d’íoc Údaráis Áitiúla i ndáil le maoine faoina n-úinéireacht agus íocaíochtaí a bailíodh tríd an asbhaint éigeantach ag an bhfoinse. Níl tuairim is €0.5m de Mhuirear Teaghlaigh a fuarthas le linn 2019 san áireamh sa €245m. San áireamh freisin i bhfáltais CMÁ a bailíodh in 2020 tá €14m in CMÁ i mblianta roimhe.

## Anailís de réir Údarás Áitiúil – Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse i leith 2020

Feidhmíodh asbhaint éigeantach ag an bhfoinse ar tuairim is 90,500 maoin i leith CMÁ 2020. Léirítear ar an tábla thíos dáileadh na maoine seo de réir Údarás Áitiúil.

Athraíonn na figiúirí seo de réir mar a chuireann úinéirí maoine a gcúrsaí cánach ina gceart.

Réamhanailís atá i gceist leis an anailís, agus tá roinnt meastacháin i gceist leis, go háirithe i dtaca le dáileadh na bhfigiúirí de réir Údarás Áitiúil.

| Údarás Áitiúil | Maoine faoi réir Asbhaint Éigeantach ag an bhFoinse CMÁ 2020 (%) |
|---|---|
| Baile Átha Cliath Theas | 5.6 |
| Cathair Bhaile Átha Cliath | 9.7 |
| An Cabhán | 1.8 |
| Ceatharlach | 1.4 |
| Ciarraí | 2.8 |
| Cill Chainnigh | 2.2 |
| Cill Dara | 4.9 |
| Cill Mhantáin | 2.6 |
| An Clár | 2.8 |
| Cathair Chorcaí | 4.1 |
| Contae Chorcaí | 7.1 |
| DLR | 2.6 |
| Dún na nGall | 3.5 |
| Fine Gall | 6.2 |
| Cathair na Gaillimhe | 1.5 |
| Contae na Gaillimhe | 4.0 |
| An Iarmhí | 2.3 |
| Laois | 2.3 |
| Liatroim | 0.9 |
| Loch Garman | 3.3 |
| An Longfort | 0.9 |
| Lú | 3.5 |
| Cathair & Contae Luimnigh | 4.4 |
| Maigh Eo | 2.8 |
| An Mhí | 4.6 |
| Muineachán | 1.2 |
| Cathair & Contae Phort Láirge | 2.9 |
| Ros Comáin | 1.5 |
| Sligeach | 1.6 |
| Tiobraid Árann | 3.4 |
| Uíbh Fhailí | 1.8 |
| | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

## Cineálacha Íocaíochta le haghaidh 2020

| Cineál Íocaíochta | CMÁ 2020 (%) |
|---|---|
| Treoir Dochair Bhliantúil | 18.5 |
| Cárta Creidmheasa | 6.2 |
| Cárta Dochair | 16.4 |
| Dochar Díreach | 24.3 |
| Údarú Dochair Aonair | 1.0 |
| Asbhaint ag an bhFoinse | 15.8 |
| Soláthraí Seirbhíse | 12.6 |
| Íocaíocht Eile | 5.2 |
| | ***100*** |

(Tabhair do d’aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

## Éilimh ar Dhíolúine nó Iarchur i leith 2020

Bunaithe ar fhaisnéis atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim agus 50,000 éileamh ann ar dhíolúine ó mhaoine a bhfuil tuairisceáin tíolactha ina leith le haghaidh 2020.

| Cineál na Díolúine (Féinmheasúnú) | CMÁ 2020 | |
|---|---|---|
| | Líon (i bhfoirm mílte) | % |
| Comhlachtaí carthanúla (gníomhaíochtaí áineasa) | 0.2 | 0.5 |
| Comhlachtaí carthanúla (cóiríocht riachtanas speisialta) | 8.7 | 17.4 |
| Maoine áirithe a ceannaíodh idir an 1/1/2013 agus an 31/12/2013 | 11.3 | 22.8 |
| Maoine atá inmhuirir go hiomlán do rátaí tráchtála | 2.5 | 5 |
| Maoine a fágadh mar gheall ar éiglíocht mheabhrach/fhisiceach fhadtéarmach | 7.7 | 15.6 |
| Tithe soghluaiste | 0.3 | 0.6 |
| Tithe altranais cláraithe | 0.3 | 0.6 |
| Damáiste suntasach piríte | 1.8 | 3.7 |
| Áit chónaithe duine faoi éagumas dian | 2.1 | 4.2 |
| Eastáit tithíochta neamhchríochnaithe | 3.3 | 6.7 |
| Stoc trádála an tógálaí/an fhorbróra (nár díoladh ag 1/5/2013 nó a díoladh sa tréimhse ó 1/1/2013)* | 11.3 | 22.9 |
| | ***49.5*** | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)

* Ní fholaíonn sé seo ach amháin maoine ar thíolaic an duine dliteanach tuairisceán ina leith ag éileamh na díolúine. Sa chás gur ceannaíodh maoine nua agus neamhúsáidte roimhe sin le linn na tréimhse luachála reatha níl aon dualgas ann tuairisceán CMÁ a thíolacadh de bhrí nach bhfuil siad faoi dhliteanas cánach go dtí an chéad tréimhse eile luachála. Gabhann na Coimisinéirí Ioncaim, áfach, sonraí a bhaineann le maoine nua agus nár úsáideadh roimhe ar an gClár CMÁ trí thaifid Dleachta Stampa agus trí fhoinsí éagsúla eile faisnéise ach ní áirítear anseo iad de bhrí nach meastar iad a bheith dliteanach ag an am seo.

Bunaithe ar eolas atá ar fáil faoi láthair, tá tuairim is 47,000 éileamh ann ar iarchur in 2020.

| Éilimh ar Iarchur | CMÁ 2020 | |
|---|---|---|
| | Líon (i bhfoirm mílte) | % |
| Seiceadóir/Riarthóir Eastáit | 0.5 | 1.2 |
| Caillteanas Airgeadais Suntasach | 0.2 | 0.5 |
| Faoin Tairseach Ioncaim | 45.4 | 96.7 |
| Duine Dliteanach Dócmhainneach | 0.8 | 1.7 |
| | ***47*** | ***100*** |

(Tabhair do d'aire go bhféadfaidh sé go bhfuil tionchar ag slánú figiúirí ar na figiúirí léirithe)